Culture and Creativity Plan 2017
Plean Cultúir agus Cruthaitheachta 2017

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

Creative Ireland Wexford
Loch Garman Éire Ildánach

Contents
ÁBHAR

Foreword	4	Réamhrá
The Creative Ireland Programme	6	Clár Éire Ildánach
The Creative Ireland Team in Wexford	8	Foireann Éire Ildánach san Loch Garman
Implementation	11	Forfheidhmiú
Projects for 2017	12	Tionscadail don bhliain 2017
Promotional Events 2017	16	Imeachtaí Poiblíochta 2017

Comhairle Contae
Loch Garman
Wexford
County Council

FIRST EDITION | AN CHÉAD EAGRÁN

Foreword
RÉAMHRÁ

Wexford is a unique and creative county with a rich cultural heritage. County Wexford is known for its Opera Festival, its world-renowned writers, its creative thinkers, its new generation of designers and its community of talented artists, musicians and performers. Wexford is a county that celebrates its heritage from the Viking and Norman periods to the rebel spirit of 1798 and 1916.

Wexford County Council warmly welcomes the ambitions of the Creative Ireland Programme, the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 - a five-year initiative, 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. This high-level, ambitious government initiative aims to mainstream creativity in the life of the nation and ensure that individuals and communities are supported to further develop talents, creative enterprises, cultural infrastructure and experiences.

Wexford County Council and its partners have embarked on a programme of significant infrastructural development. The Creative Ireland Programme will ensure that cultural activity, services and infrastructure continue to grow in tandem with this development. It is clear that cultural creativity brings communities together and strengthens a sense of identity and cohesion. Creative people are key to the new economy but equally importantly creativity is key to our individual and collective sense of wellbeing.

Wexford Local Economic and Community Plan commits to preserving and promoting local cultural heritage and the Irish language while promoting engagement in the Arts. The Creative Ireland Programme and a new 5-year Arts Plan will provide a framework to support and strengthen the arts and culture in the county, thus ensuring that County Wexford is a great place to live, work and visit.

Cllr. Paddy Kavanagh
Cathaoirleach

Tom Enright
Chief Executive

Contae uathúil cruthaitheach is ea é Loch Garman agus tá oidhreacht shaibhir chultúir ann. Tá iomrá ar Chontae Loch Garman mar gheall ar a Fhéile Ceoldrámaíochta, mar gheall ar a chuid scríbhneoirí a bhfuil cáil dhomhanda orthu, mar gheall ar a smaointeoirí cruthaitheacha, mar gheall ar a ghlúin nua dearthóirí agus mar gheall ar a phobal ealaíontóirí, ceoltóirí agus taibheoirí cumasacha. Is contae é Loch Garman ina ndéantar ceiliúradh ar a oidhreacht, mar shampla, tréimhsí na Lochlannach agus na Normannach agus meon reibiliúnach na mblianta 1798 agus 1916.

Cuireann Comhairle Chontae Loch Garman fáilte chroíúil roimh uaillmhianta Chlár Éire Ildánach, is é sin, an tionscnamh de chuid an Rialtais a eascraíonn le hoidhreacht ó Éire 2016 - tionscnamh cúig bliana, ó 2017 go 2022, trína gcuirtear an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh ardleibhéil uaillmhianach seo de chuid an rialtais an chruthaitheacht a phríomhshruthú i saol an náisiúin agus a chinntiú go bhfaigheann daoine aonair agus pobail tacaíocht chun cumas, fiontair chruthaitheacha, infreastruchtúir chultúir agus eispéiris a fhorbairt tuilleadh.

Tá Comhairle Chontae Loch Garman agus a comhpháirtithe tar éis tús a chur le clár forbartha suntasaí infreastruchtúir. Trí Chlár Éire Ildánach cinnteofar go leanfaidh gníomhaíocht chultúir, seirbhísí cultúir agus infreastruchtúr cultúir de bheith ag fás i gcomhthráth leis an gclár forbartha sin. Is léir go dtarraingíonn cruthaitheacht chultúir pobail le chéile agus go neartaíonn sí meon na féiniúlachta agus an chomhtháthaithe. Tá daoine cruthaitheacha ina ngné thábhachtach den gheilleagar nua ach tá an chruthaitheacht chomh tábhachtach céanna i dtaca lenár meon comhchoiteann folláine.

Tá gealltanas ann i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Loch Garman chun an oidhreacht chultúir áitiúil agus an Ghaeilge a chaomhnú agus a chur chun cinn agus, ag an am céanna, rannpháirtíocht sna hEalaíona a chur chun cinn. Soláthróidh Clár Éire Ildánach agus Plean Ealaíon nua 5 bliana creat chun tacú leis na healaíona agus le cúrsaí cultúir sa chontae, agus na nithe sin a neartú, rud a chinnteoidh go mbeidh Contae Loch Garman ina áit iontach chun cónaí agus obair ann agus chun cuairt a thabhairt air.

Cllr. Paddy Kavanagh
Cathaoirleach

Tom Enright
Príomhfheidhmeannach

The Creative Ireland Programme
CLÁR ÉIRE ILDÁNACH

The Creative Ireland Programme is the Government's Legacy Programme for Ireland 2016 – a five-year initiative, from 2017 to 2022, which places creativity at the centre of public policy. It is a high-level, high-ambition, all-of-government initiative to mainstream creativity in the life of the nation so that individually and collectively, in our personal lives and in our institutions, we can realise our full creative potential.

The Creative Ireland Programme is a culture-based programme designed to promote individual, community and national wellbeing. The core proposition is that participation in cultural activity drives personal and collective creativity, with significant implications for individual and societal wellbeing and achievement.

The Creative Ireland Programme is also the main implementation vehicle for the priorities identified in the Government's policy document, Culture 2025 – Éire Ildánach which states that arts and culture are intrinsic to the Irish State, acknowledges the need to increase access to, and participation in the arts, boost our creative industries, and preserve our heritage with a particular focus on language, landscape and the environment.

Is é Clár Éire Ildánach Clár Oidhreachta an Rialtais d'Éire 2016 – tionscnamh chúig bliana idir 2017 agus 2022 ina leagtar béim ar an gcruthaitheacht ag croílár an bheartais phoiblí. Is tionscnamh ardleibhéil ard-uaillmhianach lánrialtais é chun an chruthaitheacht a phríomhshruthú i saol an náisiúin ionas gur féidir linne, inár n-aonar agus i gcomhar a chéile, inár mbeatha phearsanta agus inár gcuid institiúidí, ár gcumas cruthaitheach iomlán a réadú.

Is clár cultúr-bhunaithe é Clár Éire Ildánach atá deartha chun an fholláine aonair, pobail agus náisiúnta a chur chun cinn. Is é croílár an togra ná gurb é an rannpháirteachas sa ghníomhaíocht chultúrtha a threoraíonn an chruthaitheacht phearsanta agus chomhchoiteann, le himpleachtaí móra don fholláine agus don ghnóthachan aonair agus sochaíoch.

Is ionann an Clár agus an phríomhfheithicil fhorfheidhmithe freisin do na tosaíochtaí a aithníodh i gcáipéis bheartais an Rialtais Cultúr 2025 – Éire Ildánach, ina sloinntear gurb iad na healaíona agus an cultúr ina sainchodanna de Stát na hÉireann, agus ina n-aithnítear an gá chun: rochtain agus rannpháirteachas a mhéadú sna healaíona; borradh a thabhairt dár dtionscail chruthaitheacha; ár n-oidhreacht a chaomhnú le béim faoi leith ar an teanga, an tírdhreach agus an timpeallacht.

The programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles are Collaboration and Communication, Community Empowerment, and Internationalisation.

Local authorities have a crucial role in the overall local delivery of the entire Creative Ireland Programme and are exclusively mandated, through their culture teams, to deliver Pillar 2 of the programme – Enabling Creativity in Every Community. This devolution of responsibility for Creative Ireland to local authorities is inspired by the extraordinary impact of collaborative local authority co-ordinated projects for the centenary of 1916. This Plan sets out the beginning of Wexford's part in this five-year journey, a truly important national policy initiative centred on culture and wellbeing.

The delivery of accessible high quality cultural experiences at local level is a key priority of the Wexford Creative Ireland Programme 2017. Wexford County Council seeks to encourage growth and realise the potential and sustainability of the arts and cultural sector while also preserving and promoting our rich cultural heritage.

Wexford County Council looks forward to working with the Creative Ireland Programme and engaging with local communities in developing the County Wexford Cultural and Creative Plan 2017-2022.

Tá Clár Éire Ildánach ceaptha timpeall théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta. Is iad an Comhshaothrú agus an Chumarsáid, Cumasú Pobail, agus Idirnáisiúnú na croí-phrionsabail oibriúcháin a bhaineann leis.

Bíonn ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla le seachadadh áitiúil foriomlán Chlár Éire Ildána ina iomláine; agus tugtar sainordú dóibh trína bhFoirne Cultúir Éire Ildána, chun Colún 2 den chlár a sheachadadh – An Chruthaitheacht a Chumasú i nGach aon Phobal. Faightear an spreagadh do dhílárú na freagrachta as forfheidhmiú Chlár Éire Ildána do na húdaráis áitiúla ó thionchar ollmhór na dtionscadal comhoibritheach arna gcomhordú ag na húdaráis áitúla do chomóradh céad bliain ó 1916.

Leagtar amach sa Phlean tús le cuid Chill Dara san aistear chúig bliana sin, ar tionscnamh fíorthábhachtach don bheartas náisiúnta é lena gcuirfear leis an gcultúr agus leis an bhfolláine go háitiúil.

Tugtar léargas sa cháipéis seo ar na gníomhaíochtaí atá ar siúl agus i mbéal forbartha i láthair na huaire lena mbaineann comhbhainteanna leis na mianta agus leis na beartais atá taobh thiar d'Éire Ildánach 2017 – 2022. Is sna sála air seo a ullmhófar Plean Cultúir don Iarmhí 2018 – 2022 dá fhoilsiú i bhFómhar na bliana 2017.

The Creative Ireland Team in Wexford
MEITHEAL ÉIRE ILDÁNACH I GCONTAE LOCH GARMAN

The Creative Ireland Team in County Wexford (The Culture Team) will be coordinated by Eileen Morrissey, one of 31 national coordinators who work as a national team to deliver the Creative Ireland Programme. The full members of the Culture Team are:

Beidh Meitheal Éire Ildánach a stiúradh i gContae Loch Garman (an Mheitheal Cultúir) á comhordú ag Eileen Morrissey, ar duine de 31 chomhordaitheoir náisiúnta í a oibríonn mar mheitheal náisiúnta chun Clár Éire Ildánach a chur i gcrích. Is iad seo a leanas na lánbhaill den Mheitheal Cultúir:

John Carley,

Director of Services Housing, Community, Libraries, Arts, Emergency Services & Environment

John Carley has 35 years of Local Government Service in a wide variety of roles including, Engineering, Area Management and Director of Services experience. This has included the provision of Arts and Culture Infrastructure. Currently he has responsibility for Community Services including Libraries and Arts in County Wexford.

Stiúrthóir Seirbhísí, Tithíocht, Pobal, Leabharlanna, Ealaíona, Seirbhísí Éigeandála & Timpeallacht

Tá taithí 35 bliana ag John Carley ar Sheirbhís Rialtais Áitiúil ar lena linn a bhí raon leathan ról aige lena n-áirítear Innealtóireacht agus Bainistíocht Cheantair agus taithí mar Stiúrthóir Seirbhísí. Áiríonn an obair a raibh sé bainteach léi Infreastruchtúr Ealaíon agus Cultúir a chur ar fáil. Faoi láthair, tá freagracht air i ndáil le Seirbhísí Pobail, lena n-áirítear Leabharlanna agus Ealaíona i gContae Loch Garman.

Eileen Morrissey

County Librarian

Eileen is Wexford County Librarian overseeing the development of library services in the County across the network of five libraries and two mobile libraries. With over half a million visits a year and a comprehensive programme of 1,500 events, Wexford Public Library Service ensures that creative thinking, cultural activity and heritage are mainstreamed in the lives of all citizens of Wexford.

Leabharlannaí Contae

Is í Eileen Leabharlannaí Contae Loch Garman agus déanann sí formhaoirseacht ar fhorbairt na seirbhísí leabharlainne sa Chontae thar líonra ina bhfuil cúig leabharlann agus dhá leabharlann taistil. Tugtar níos mó ná leathmhilliún cuairteanna ar na leabharlanna gach bliain agus bíonn clár cuimsitheach 1,500 imeacht ar siúl iontu agus cinntíonn Seirbhís Leabharlann Poiblí Loch Garman go ndéantar smaointeoireacht chruthaitheach, gníomhaíocht chultúir agus cúrsaí oidhreachta a phríomhshruthú i saol na saoránach go léir i Loch Garman.

Liz Burns

Arts Officer

Liz Burns is Arts officer for Wexford County Council with a particular interest in socially engaged arts practice and is also a curator and arts writer. Liz is Chair of Arts & Disability Ireland (ADI) and worked as Outreach Officer with Tallaght Community Arts Centre Dublin.

Oifigeach Ealaíon

Is í Liz Burns Oifigeach Ealaíon Chomhairle Chontae Loch Garman agus spéis ar leith aici in ealaíona rannpháirtíochta sóisialta agus is coimeádaí agus scríbhneoir í. Tá Liz ina cathaoirleach ar Ealaíona & Míchumas Éireann (ADI) agus d'oibrigh sí mar Oifigeach Cianrochtana le hIonad Ealaíon Pobail Thamhlachta, Baile Átha Cliath.

Ger Mackey & Ann Marie Laffan

Wexford Local Community Development Committee (LCDC) and the Community Department

Wexford Local Community Development Committee (LCDC) and the Community Department will be represented on the County Culture Team by the Chief Officer, Ger Mackey and Ann Marie Laffan. The team will work with the Public Participation Network (PPN) to support and work in partnership with the Creative Ireland team in Co Wexford.

Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (CÁFP) Loch Garman agus an Roinn Pobail

Beidh ionadaíocht ag Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (CÁFP) Loch Garman agus ag an Roinn Pobail ar an Meitheal Cultúir tríd an bPríomhoifigeach, Ger Mackey, agus trí Ann Marie Laffan. Oibreoidh an mheitheal leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (LRP) agus oibreoidh sí i gcomhpháirtíocht le meitheal Éire Ildánach i gCo. Loch Garman.

Sinéad O'Gorman

Senior Executive Librarian

Sinead O'Gorman is the Senior Executive Librarian managing Wexford Town Library. Sinead managed a varied and extensive programme of Libraries and Arts Department events and projects for the 1916 Centenary celebrations. Sinead is particularly interested in engaging the community in local history and heritage through innovative and diverse library programmes.

Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach

Is í Sinéad O'Gorman an Leabharlannaí Feidhmiúcháin Sinsearach a bhainistíonn Leabharlann Bhaile Loch Garman. Bhainistigh Sinéad clár ilghnéitheach forleathan imeachtaí agus tionscadal Leabharlainne agus Roinne Ealaíon i ndáil le Comóradh 1916. Tá spéis ar leith ag Sinéad i rannpháirtíocht phobail sa stair áitiúil agus san oidhreacht áitiúil trí chláir nuálacha ilghnéitheacha leabharlainne a chur ar fáil.

Gráinne Doran

Archivist

As Archivist with Wexford County Council, Gráinne Doran facilitates individual and group visits to Wexford County Archive, the official repository for local government archives and for a diverse range of manuscript collections that reflect the cultural, commercial, maritime, political and social heritage of the county. As part of the Creative Ireland Programme for County Wexford, she aims to build on the collaborations already fostered with overseas colleges and institutions and to enhance access to the rich diversity of collections in Wexford County Archive through an annual digitisation programme.

Cartlannaí

Ina cáil mar Chartlannaí i gComhairle Chontae Loch Garman, éascaíonn Gráinne Doran cuairteanna ag daoine aonair agus ag grúpaí ar Chartlann Chontae Loch Garman, arb í an taisclann oifigiúil í d'ábhair chartlainne rialtais áitiúil agus do raon ilghnéitheach bailiúchán lámhscríbhinní a thugann léiriú ar oidhreacht chultúir, tráchtála, mhuirí, pholaitíochta agus shóisialta an chontae. Mar chuid de Chlár Éire Ildánach do Chontae Loch Garman, tá sé mar aidhm aici cur leis an gcomhoibriú atá cothaithe cheana féin le coláistí agus le hinstitiúidí thar lear agus feabhas a chur ar an rochtain ar éagsúlacht shaibhir na mbailiúchán atá ann i gCartlann Chontae Loch Garman trí chlár bliantúil digitiúcháin.

Amanda Byrne

District Manager, Gorey Municipal District

Amanda Byrne is the Gorey District Manager for Wexford County Council. Having worked in a number of community and public service roles, Amanda recognises the intrinsic value of creativity. In her work in the Gorey District she engages with a variety of community, arts and businesses interests to develop exciting projects than enhance quality of life and sense of place and belonging.

Bainisteoir Ceantair, Ceantar Bardasach Ghuaire

Is í Amanda Byrne Bainisteoir Ceantair Ghuaire i gComhairle Chontae Loch Garman. Ós rud é go bhfuil obair déanta aici i roinnt ról pobail agus seirbhíse poiblí, aithníonn Amanda luach bunúsach na cruthaitheachta. Le linn a cuid oibre i gCeantar Ghuaire, bíonn sí i dteagmháil le leasanna éagsúla pobail, ealaíon agus gnó chun forbairt a dhéanamh ar thionscadail spreagúla trína gcuirtear feabhas ar cháilíocht na beatha agus an meon áite agus comhmhuintearais.

Tom Banville

Head of Enterprise, Local Enterprise Office

Tom Banville is Head of Enterprise at the Local Enterprise Office (LEO) in Wexford County Council with a focus on enterprise and economic development in the county particularly in sectors such as Food, Tourism and Technology.

Ceann Fiontraíochta, Oifig Fiontair Áitiúil

Is é Tom Banville an Ceann Fiontraíochta san Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) i gComhairle Chontae Loch Garman agus díríonn sé ar fhorbairt fiontraíochta agus eacnamaíochta sa chontae, go háirithe in earnálacha amhail Bia, Turasóireacht agus Teicneolaíocht.

Implementation

CUR I BHFEIDHM

Enabling creativity in every community is a core pillar of the Creative Ireland Programme.

The Creative Ireland programme is based on the principle of community partnership and Wexford County Council commits to ongoing consultation and communication with key audiences and the wider public in establishing the local priorities for the Creative Ireland programme. We endeavour to communicate and consult through the following forums:

- A specific mailing list for updates on the Creative Ireland Programme.
- Updates on social media.
- A dedicated e-mail address that allows the public to submit suggestions.
- Features in local newspapers.
- Web page on the Council website with links from each Department and links to -Creative Ireland programme website.
- Annual meetings to seek feedback and present projects.
- Presentations to the Strategic Policy Committee of Wexford County Council.
- Updates to community groups via the Public Participation Network newsletter.
- Chief Executive's Reports for County Council Meetings.

Príomhcholún de chuid Chlár Éire Ildánach is ea bonn a chur faoin gcruthaitheacht i ngach pobal.

Tá Éire Ildánach bunaithe ar phrionsabal na comhpháirtíochta pobail agus tá Comhairle Chontae Loch Garman tiomanta i leith comhairliúchán agus cumarsáid leanúnach leis na príomh-gheallsealbhóirí agus leis an bpobal i gcoitinne le linn na tosaíochtaí áitiúla do chlár Éire Ildánach a bhunú. Féachaimid le cumarsáid a dhéanamh, agus le comhairle a ghlacadh, trí na fóraim seo a leanas:

- Liosta seoltaí sonrach le haghaidh faisnéis cothrom le dáta faoi Chlár Éire Ildánach.
- Faisnéis uasdátaithe ar na meáin shóisialta.
- Sainseoladh ríomhphoist a ligeann don phobal moltaí a chur ar fáil.
- Ailt i nuachtáin áitiúla.
- Leathanach gréasáin ar laithreán gréasáin na Comhairle agus naisc ann le gach Roinn mar aon le naisc le láithreán gréasáin chlár Éire Ildánach.
- Cruinnithe bliantúla chun aiseolas a lorg agus tionscadail a chur i láthair.
- Cur i láthair do Choiste Beartais Straitéisigh Chomhairle Chontae Loch Garman.
- Faisnéis cothrom le dáta do ghrúpaí pobail trí nuachtlitir an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí.
- Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach do Chruinnithe de chuid na Comhairle Contae.

Projects for 2017
TIONSCADAIL DON BHLIAIN 2017

The following are the projects/ initiatives to be delivered/ initiated in County Wexford in 2017 using the Creative Ireland Programme funds:

Cruinniú na Cásca, Easter Sunday
Based in two locations - Enniscorthy and Wexford Town - in 2017, Cruinniú na Cásca in County Wexford aimed to celebrate both our rich heritage and to provide a platform for the public to engage with the best of our contemporary artists, writers, storytellers and musicians.

Creative Ireland Grant Scheme 2017
The key objective of the scheme is to provide support to local communities to organise creative activities and projects that will encourage cultural participation. Successful applicants must demonstrate contribution towards the development of the Five Pillars of the Creative Ireland programme. It is expected that a wide range of community cultural initiatives will be supported in County Wexford in 2017.

Is iad seo a leanas na tionscadail/tionscnaimh a sholáthrófar/thionscnófar i gContae Loch Garman sa bhliain 2017 trí úsáid a bhaint as cistí Chlár Éire Ildánach:

Cruinniú na Cásca, Domhnach na Cásca
Bhí Cruinniú na Cásca lonnaithe in dhá ionad i gContae Loch Garman sa bhliain 2017 - Inis Córthaidh agus Baile Loch Garman - agus bhí sé mar aidhm aige ceiliúradh a dhéanamh ar ár n-oidhreacht shaibhir agus, chomh maith leis sin, deis a thabhairt don phobal dul i dteagmháil leis na healaíontóirí, na scríbhneoirí, na scéalaithe agus na ceoltóirí comhaimseartha is fearr dár gcuid.

Scéim Deontais Éire Ildánach 2017
Is é is príomhchuspóir don scéim ná tacaíocht a sholáthar do phobail áitiúla chun gníomhaíochtaí cruthaitheacha agus tionscadail chruthaitheacha, trína spreagfar rannpháirtíocht chultúir, a eagrú. Ní mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo a thaispeáint go mbeidh siad ag rannchuidiú le forbairt na gCúig Cholún de chuid chlár Éire Ildánach. Meastar go bhfaighidh raon leathan tionscnamh cultúir pobail tacaíocht i gContae Loch Garman sa bhliain 2017.

Living Arts – Art in Schools
The Creative Ireland Programme 2017 will allow for an extension of the highly successful Living Arts in Primary Schools programme run by Wexford County Council in partnership with Wexford Arts Centre. A team of artists provide children with understanding and experience of contemporary art-making in 4 primary schools per year - over 15 weeks. This extension will facilitate a pilot Living Arts programme in a 2nd level DEIS school targeting young people at risk of early school leaving. In addition, professional development for artists and teachers involved in the programme will include workshops by experts on VTS (Visual Thinking Strategies for children).

Film Wexford
Plans for a new website aimed at attracting film location companies, national and international, into County Wexford will be developed in 2017. The website will also be aimed at encouraging an indigenous film industry. This website will utilise the database of film locations, photographed and documented for Wexford County Council by a Film Location Manager in Spring 2017. Work on the new 'Film Wexford' website will begin in Oct 2017 with a view to launching the site in early 2018.

Na hEalaíona Beo - An Ealaín sna Scoileanna
Mar thoradh ar Chlár Éire Ildánach 2017 beifear in ann leathnú a dhéanamh ar an gclár thar a bheith rathúil dar teideal Ealaíona Beo i mBunscoileanna agus a reáchtáil Comhairle Chontae Loch Garman i gcomhpháirtíocht le hIonad Ealaíon Loch Garman. Tugann meitheal ealaíontóirí tuiscint agus eispéireas ar chúrsaí ealaíne comhaimseartha do leanaí in 4 bhunscoil sa bhliain - thar thréimhse 15 seachtaine. É ascóidh an leathnú seo clár Ealaíon Beo i scoil DEIS 2ú leibhéal, ar clár é a bheidh dírithe ar dhaoine óga a bhfuil baol luathfhágála scoile ann ina leith. De bhreis air sin, áireoidh forbairt ghairmiúil d'ealaíontóirí agus do mhúinteoirí atá páirteach sa chlár ceardlanna a seolfaidh saineolaithe i réimse na Straitéisí Amharcsmaointeoireachta do leanaí).

Scannánaíocht Loch Garman
Déanfar pleananna le haghaidh láithreán gréasáin nua, a bheidh mar aidhm aige cuideachtaí láithreacha scannán, idir naisiúnta agus idirnáisiúnta, a tharraingt chuig Contae Loch Garman, a fhorbairt sa bhliain 2017. Beidh sé mar aidhm ag an laithreán gréasáin freisin spreagadh a thabhairt i leith tionscal dúchasach scannánaíochta. Bainfidh an laithreán gréasáin seo leas as an mbunachar sonraí láithreacha scannáin a ndearna Bainisteoir Láithreacha Scannáin grianghraif a thógáil díobh, agus taifead a dhéanamh orthu, do Chomhairle Chontae Loch Garman in Earrach 2017. Cuirfear tús leis an láithreán gréasáin nua 'Film Wexford (Scannánaíocht Loch Garman)' i nDeireadh Fómhair 2017 d'fhonn an láithreán a lainseáil ag tús na bliana 2018.

Professional Development for Artists
In partnership with Visual Artists Ireland and Wexford Local Enterprise Office, a series of workshops – on 'Marketing , presenting , yourself as an artist' and Selling your Art (a guide to navigating art galleries, public art institutions, art fairs, events) will be held in late 2017. These workshops will aim to encourage career pathways for artists in County Wexford.

New Ross – Graves & Co
This project will involve cataloguing and preparation for digitisation of an important collection of original documents relating to a prominent shipping company in New Ross. Graves & Co. were one of the main shipping companies that facilitated emigration from the ports of New Ross and Wexford to Savannah, Georgia in the 1840s-1860s. The collection mainly comprises correspondence (approx. 2,500 letters) covering the period c. 1855-75, many of which refer to families emigrating from Wexford. This project is part of the Wexford/Savannah Axis Research Project – a major new research and heritage initiative that was established in 2013 to chronicle the historic links between Savannah and County Wexford.

Forbairt Ghairmiúil d'Ealaíontóirí
I gcomhpháirtíocht le hAmharcealaíona Éireann agus le hOifig Fiontair Áitiúil Loch Garman, déanfar sraith ceardlann faoi 'Tú féin a Mhargadh agus a Chur i Láthair mar Ealaíontóir' agus 'Do Shaothar Ealaíne a Dhíol' (treoir maidir le déileáil le gailearaithe ealaíne, le hinstitiúidí ealaíne poiblí, le haontaí ealaíne, le himeachtaí) a eagrú ag deireadh na bliana 2017. Beidh sé mar aidhm ag na ceardlanna sin conairí gairmréime a mholadh d'ealaíontóirí i gContae Loch Garman.

Ros Mhic Thriúin – Graves & Co
Is é a bheidh i gceist leis an tionscadal seo ná bailiúchán tábhachtach de dhoiciméid bhunaidh a bhaineann le cuideachta loingseoireachta mór le rá i Ros Mhic Thriúin a chatalógú agus é a ullmhú lena dhigitiú. Bhí Graves & Co. i measc na bpríomhchuideachtaí loingseoireachta a d'éascaigh eisimirce ó chalafoirt Ros Mhic Thriúin agus Loch Garman go Savannah, Georgia, sa tréimhse ó bhlianta na 1840-aí go blianta na 1860-idí. Cuimsíonn an bailiúchán comhfhreagras den chuid is mó (tuairim is 2,500 litir), is é sin le rá, comhfhreagras ón tréimhse c. 1855-75 a mbaineann cuid mhór de le teaghlaigh a chuaigh ar an imirce ó Loch Garman. Tá an tionscadal seo ina chuid de Thionscadal Taighde Ais Loch Garman/Savannah, ar mórthionscnamh nua taighde agus oidhreachta é a bunaíodh sa bhliain 2013 chun taifeadadh a dhéanamh ar na naisc staire atá ann idir Savannah agus Contae Loch Garman.

Norman Way
The Norman Way/Norman Wexford has been created to place Wexford as the heart of Norman Ireland. The Norman Way raises awareness and education on the Norman way of life and allows the visitor to learn about the rich legacy through the outstanding medieval Norman Castles and Churches that are located throughout County Wexford. Funding will assist in creating awareness of Wexford's unique and important Norman history through various events including a launch with promotion booklets, lecture and discussion evenings with local people and businesses, a Norman Heritage School pack a heritage cycling tour and the development of Website and interpretation.

3D design, 3D printing and coding workshops
Exploiting the new 3D Creative Maker space in Wexford County Library, a series of workshops on design and creation using freely available software and the 3 D printer will be provided for young people and adults free of charge. Coding and robotic workshops will also be provided for children.

Slí na Normannach
Cruthaíodh Slí na Normannach/Loch Garman Normannach chun Loch Garman a bhunú mar lárphointe na hÉireann Normannaí. Cuireann Slí na Normannach le feasacht agus le hoideachas faoi thionchar shlí mhaireachtála na Normannach agus tugann sé deis do chuairteoirí chun foghlaim faoin oidhreacht shaibhir atá ann sna Caisleáin agus sna Teampaill iontacha mheánaoiseacha Normannacha atá suite ar fud Chontae Loch Garman. Cabhróidh an maoiniúchán le méadú na feasachta ar stair uathúil thábhachtach Loch Garman a mhéid a bhaineann le tréimhse na Normannach agus déanfar sin trí imeachtaí éagsúla a eagrú, lena n-áirítear lainseáil leabhrán poiblíochta, tráthnónta léachta agus díospóireachta le daoine agus gnóthaí áitiúla, paca Oidhreachta Normannaí do Scoileanna, turas rothaíochta agus forbairt Láithreáin Gréasáin agus léirmhíniúcháin.

Ceardlanna faoi dhearadh 3D, faoi phriontáil 3D agus faoi chódúchán
Trí leas a bhaint as spás nua 3D Creative Maker i Leabharlann Chontae Loch Garman, déanfar sraith ceardlann faoi dhearadh agus cruthú a sholáthar saor in aisce do dhaoine óga agus d'aosaigh, agus leas á bhaint as bogearraí atá ar fáil saor in aisce, Déanfar ceardlanna códúcháin agus róbataice a sholáthar do leanaí freisin.

Promotional Events 2017
IMEACHTAÍ POIBLÍOCHTA 2017

LIST OF 2017 EVENTS/ PROJECTS/ INITIATIVES THAT WILL HELP TO PROMOTE THE CREATIVE IRELAND PROGRAMME IN COUNTY WEXFORD.

- The Arts Department, Wexford County Council, will facilitate exhibitions in County Hall as follows:
  - Summer 2017: Wexford Arts Group Show
  - Oct 2017: Michael Warren solo show for Wexford Opera Festival.
- Wexford County Council, in association with Department of Arts, Heritage, Regional, Rural and Gaeltacht Affairs, has commissioned a major exhibition on Major Willie Redmond. This exhibition will be launched, along with a commemorative lecture, in the County Library Wexford on Thursday 8 June.
- Wexford County Council events as part of Age & Opportunity's Bealtaine Festival including "The Dresser Project" with artist and folklorist Michael Fortune.
- Wexford Literary Festival, Enniscorthy, May 2017.
- The Reader's Voice, Laureate for Irish Fiction event Wexford Library April 2017.

LIOSTA IMEACHTAÍ/TIONSCADAL/ TIONSCNAMH 2017 A CHABHRÓIDH LE CLÁR ÉIRE ILDÁNACH A CHUR CHUN CINN I GCONTAE LOCH GARMAN.

- Éascóidh an Roinn Ealaíon, Comhairle Chontae Loch Garman, taispeántais in Áras an Chontae:
  - Samhradh 2017: Seó Ghrúpa Ealaíon Loch Garman
  - Deireadh Fómhair 2017: seó aonair Michael Warren le haghaidh Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman.
- Tá mórthaispeántas faoin Maor Willie Redmond coimisiúnaithe ag Comhairle Chontae Loch Garman i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Lainseálfar an taispeántas seo, agus beidh léacht chuimhneacháin ann freisin, i Leabharlann Chontae Loch Garman Déardaoin, an 8 Meitheamh.
- Imeachtaí Chomhairle Chontae Loch Garman mar chuid d'Fhéile Bealtaine Age & Opportunity, lena n-áirítear "The Dresser Project" in éineacht le Michael Fortune, ealaíontóir agus béaloideasóir.
- Féile Litríochta Loch Garman, Inis Córthaidh, Bealtaine 2017.
- Guth an Léitheora, imeacht Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach, Leabharlann Loch Garman, Aibreán 2017.

- Musician in Residence Wexford Opera House 2017. This is a new partnership between Wexford County Council Arts Department, National Music Network, & Wexford Opera House. The residency will involve 6 concerts in classical and Irish traditional music in 2017 with a significant education outreach element with local Wexford music groups.
- Wexford Festival Opera and Fringe Festival. October 2017.
- Arts Ability programme 2017, an inclusive, participatory arts programme exploring creativity that people experiencing mental health problems and/or intellectual, physical or sensory disabilities. This programme involves participation of 4 centres in County Wexford.
- 'The chosen few – recipients of the Honorary Freedom of the Borough of Wexford'. Produced by Wexford County Archive, the exhibition comprises free-standing banners of text and images documenting the history of the honorary freedom in addition to a display of original artefacts from the municipal archive collection. Spring 2017.
- Launch of the new Wexford County Council Digital Archive which digitizes documents, photographs and artefacts relating specifically to County Wexford. April 2017.
- Digitisation of extant poor law union archives for Gorey and New Ross unions.
- Ceoltóir Cónaithe, Áras Ceoldrámaíochta Loch Garman 2017. Is comhpháirtíocht nua é seo idir Roinn Ealaíon Chomhairle Chontae Loch Garman, an Líonra Náisiúnta Ceoil & Áras Ceoldrámaíochta Loch Garman Is é a bheidh i gceist leis an gcónaitheacht ná 6 cheolchoirm ceoil chlasaicigh agus ceoil thraidisiúnta Éireannaigh sa bhliain 2017, a mbeidh gné shuntasach oideachais cianrochtana ag baint leis, i gcomhar le grúpaí áitiúla ceoil i Loch Garman.
- Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman agus Féile Imeallach. Deireadh Fómhair 2017.
- Clár Arts Ability 2017, is é sin, clár ealaíon rannpháirtíochta uilechuimsitheach ina scrúdófar cruthaitheach daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu agus/ nó atá faoi mhíchumas intleachta, coirp nó céadfach. Tá 4 ionad i gContae Loch Garman páirteach sa chlár seo.
- 'Dream beag ar leith - faighteoirí Shaoirse Oinigh Bhuirg Loch Garman'. Cartlann Chontae Loch Garman a d'ullmhaigh an taispeantas seo ina gcuimsítear meirgí saorseasaimh téacs agus íomhánna ina dtaifeadtar stair na saoirse oinigh, mar aon le taispeantas déantán bunaidh as bailiúchán na cartlainne bardasaí. Earrach 2017
- Lainseáil Chartlann Dhigiteach nua Chomhairle Chontae Loch Garman ina ndéantar doiciméid, grianghraif agus déantáin a bhaineann go sonrach le Contae Loch Garman a dhigitiú. Aibreán 2017

- The minute books relating to the weekly administration of the workhouse are an important source of economic and social history in County Wexford from the mid 19th century to the early 20th century. Extant minutes for the workhouses in Gorey and New Ross poor law unions (c. 1840-1922) will be digitised in the late summer of 2017 and will be made available online before year end.

- Coding workshops for children and young people as part of the new Wexford Library Maker Space will take place in Summer 2017.

- Digitiú ábhair chartlainne mharthanacha aontas dhlí na mbocht d'aontais Ghuaire agus Ros Mhic Thriúin.

- Tá leabhair na mion tuairiscí a bhaineann le riaradh seachtainiúil thithe na mbocht ina bhfoinse thábhachtach staire eacnamaíochta agus sóisialta i gContae Loch Garman i ndáil leis an tréimhse ó lár an 19ú haois go dtí tús an 20ú haois. Déanfar miontuairiscí marthanacha thithe na mbocht de chuid aontas dhlí na mbocht i nGuaire agus i Ros Mhic Thriúin (c. 1840-1922) a dhigitiú ag deireadh an tsamhraidh 2017 agus cuirfear ar fáil ar líne iad roimh dheireadh na bliana.

- Ina theannta sin, i Samhradh 2017, seolfar ceardlanna códúcháin do leanaí agus do dhaoine óga mar chuid de Spás Déantóra Leabharlann Loch Garman.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

Comhairle Contae
Loch Garman
Wexford
County Council